Cad atá i gceist leis?!
Tríú Leibhéal

Chun 50 bliain de bhallraíocht san AE in Éirinn a chomóradh, ba mhaith linn ceiliúradh a dhéanamh le daoine óga ar fud na tíre chun a gcruthaitheacht agus a gcuid smaointe nua faoi Éirinn agus faoin Eoraip a fheiceáil. Beidh 'MyEU50: The Ireland EU50 Youth Competition' ar siúl thar na trí leibhéal oideachais in Éirinn; Bunleibhéal, Meánscoil agus Tríú Leibhéal le linn 2022/2023.

Don tríú leibhéal, tá €2,000 le buachan againn don iontráil bhuaiteach in aghaidh an leibhéil! Mar sin bí linn agus bígí cruthaitheach faoi Éirinn agus faoin Eoraip!

Is féidir tuilleadh sonraí a fháil thíos!

Cad is gá duit a Dhéanamh Ag Tríú Leibhéal!

Forléargas

In 2023, agus Éire ag ceiliúradh 50 bliain mar bhall den AE, is deis é an Comórtas MoAE50 béim a chur arís ar ról an AE i saol shaoránaigh na hEorpa, ar an ilchineálacht chultúrtha agus éagsúlacht teanga san Eoraip, agus ar na deiseanna gairme a chuireann an AE ar fáil. Idir an 7 Feabhra agus an 31 Márta, reáchtálfar an Comórtas MoAE50 i measc mac léinn tríú leibhéal, agus é mar thasc acu a bheith cruthaitheach chun plé spreagúil a chothú bunaithe ar luachanna bunaidh an AE.

Iarrtar ar mhic léinn machnamh a dhéanamh ar an ráiteas seo a leanas agus a n-iontrálacha á gcruthú: *Cén tábhacht a bhaineann le luachanna an AE in Éirinn sa lá atá inniu ann? Ba cheart do gach iontráil a bheith dírithe ar chroíluach AE amháin, ar a laghad, a leagtar amach anseo thíos, agus léiriú a dhéanamh ar ábharthacht na gcroíluachanna in Éirinn, sa lá atá inniu ann.*

Ceithre Mhodh Iontrála

- Podchraoladh (15-20 nóiméad)
- Eagarfhocal Tuairimíochta (800 focal)
- Óráid (800 focal)
- Póstaer (agus nóta míniúcháin 200 focal leis)

Tuilleadh sonraí le fáil sa phaca eolais i mBéarla.

Ábhair le Plé

Ba cheart do gach iontráil a bheith dírithe ar chroíluach AE amháin, ar a laghad, a leagtar amach anseo thíos, agus léiriú a dhéanamh ar ábharthacht na gcroíluachanna in Éirinn, sa lá atá inniu ann.

- Dínit an Duine
- Saoirse
- Daonlathas
- Comhionannas
- Forlámhas an Dlí
- Cearta an Duine

Tuilleadh sonraí le fáil sa phaca eolais i mBéarla.

Duaiseanna agus Formáid

Miondealú Réigiúnach

Roinnfear MyEU50 i dtrí réigiún, ag léiriú toghcheantair Pharlaimint na hEorpa in Éirinn:

- Baile Átha Cliath
  Dún Laoghaire – Ráth an Dúin, Fine Gall agus Baile Átha Cliath Theas; agus cathair Bhaile Átha Cliath
- Lár na Tíre-Thiar-Thuaidh
  Cabhán, Dún na nGall, Gaillimh, Cill Dara, Liatroim, Longfort, Lú, Maigh Eo, An Mhí, Muineachán, Ros Comáin, Sligeach agus an Iarmhí
- Theas
  Ceatharlach, An Clár, Corcaigh, Ciarraí, Cill Chainnigh, Laois, Luimneach, Uíbh Fhailí, Tiobraid Árann, Port Láirge, Loch Garman agus Cill Mhantáin

Roghnófar 3 iomaitheoir san iomlán – iontráil amháin ó gach ceann de na trí réigiún

Lá Taispeántais

Tabharfar cuireadh do na 3 iomaitheoir sa bhabhta ceannais freastal ar Lá Taispeántais i Mí Aibréan 2023, áit a bhfaighidh siad an deis a dtionscadal a thaispeáint do lucht féachana beo agus do roinnt daoine mór le rá.

Le linn Lá an Taispeántais, fógrófar 1 iomaitheoir sa chomórtas ceannais mar bhuaiteoirí iomlána, ag fáil duaiseanna ar fiú €2,000 iad.

myeu50@europeanmovement.ie

myeu50.ie

#MyEU50

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

IRELAND eu50

European Movement Ireland